Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath / Dublin City University
Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta /
Faculty of Humanities and Social Sciences

Fiontar & Scoil na Gaeilge

Cláir Iarchéime / Postgraduate Programmes





Clár / Contents

MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais MSc in Business and Information Technology
Cód PAC: DC627

MA i Léann na Gaeilge MA in Irish
Cód PAC: DC686 (Lánaimseartha)
Cód PAC: DC687 (Páirtaimseartha)

Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta /
Faculty of Humanities and Social Sciences

Fiontar & Scoil na Gaeilge
Cláir Iarchéime /
Postgraduate Programmes

Tá éiteas cairdiúil spreagúil in Fiontar & Scoil na Gaeilge. Feidhmímid go hiomlán trí Ghaeilge, agus tá na ríomhlanna agus na háiseanna teanga is fearr dá bhfuil ar fáil againn. Cuirtear mic léinn ar a suaimhneas leis an téarmaíocht chuí go tapa agus deir na mic léinn go bhfuil na modúil éagsúla nuálach uathúil agus go gclúdaítear réimse leathan ábhar iontu.

Fiontar & Scoil na Gaeilge has a friendly and stimulating ethos. We operate completely through the medium of Irish, with the best computer laboratory and language resources available. Students are quickly put at ease with the relevant terminology and the various modules are, in our students' own words, innovative, unique, and cover a wide range of subjects.

MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais

CÓD PAC DC627
IONTRÁIL PAC (WWW.PAC.IE)
FAD 2 BHLIAIN
NFQ (AN CREAT NÁISIÚNTA CÁILÍOCHTAÍ) LEIBHÉAL 9
PÁIRTAIMSEARTHA

Soláthraíonn an iarchéim seo deis do mhic léinn cur leis an taithí leathan oideachais agus oibre atá acu cheana trí shainscileanna sa ghnó agus i dteicneolaíocht na faisnéise a shealbhú agus iad féin a fheistiú do phoist éagsúla san earnáil phríobháideach nó phoiblí. Ritear na cúrsaí trí mheán na Gaeilge.

Cén fáth an clár seo?

Ar an gclár seo déanfaidh tú staidéar ar ghnó agus ar theicneolaíocht – ábhair atá riachtanach i ngach slí bheatha. Foghlaimeoidh tú faoin ngaol idir na hábhair éagsúla ghnó, agus tábhacht na teicneolaíochta i bhforbairt rathúil eagraíochtaí. Foghlaimeoidh tú na scileanna praiticiúla chun fadhbanna gnó agus teicneolaíochta a réiteach. Gheobhaidh tú léargas leathan trí anailís a dhéanamh ar chás-staidéir idirnáisiúnta, agus beidh deis agat taighde a dhéanamh agus saineolas a fháil trí obair a dhéanamh ar thionscadail shuimiúla a bhaineann le do chúlra agus le do spéiseanna féin. Beidh tú in ann díriú ar réimse staidéir ar leith don tráchtas ag tarraingt ar do thaithí, do chúlra, do bhunchéim, agus ar ábhair an chlár seo.

Struchtúr agus Ábhar an Chláir

Múintear an clár go páirtaimseartha thar cheithre sheimeastar, thar dhá bhliain (12 Satharn sa bhliain acadúil). Tugann an practicum/tráchtas deis do mhic léinn scileanna anailíse agus taighde a fhorbairt.

Tá dhá phríomhshruth sa chlár: an gnó agus teicneolaíocht na faisnéise. Leagtar bunús teoiriciúil faoin oiliúint phraiticiúil sna hilscileanna bainistíochta, margaíochta, ríomhaireachta, ilmheán agus cumarsáide atá riachtanach don ghnó.

Aidhmeanna agus Spriocanna an Chláir

Oiliúint a chur ar chéimithe i sainscileanna gnó agus bainistíochta, agus i dteicneolaíocht na faisnéise le gur féidir leo tabhairt faoi phoist bhainistíochta agus forbartha san earnáil phríobháideach agus phoiblí, agus an earnáil oideachais san áireamh.

Cén fáth DCU?

Cúis bhróid do DCU go ndearbhaíonn fostóirí, arís agus arís eile, gurb iad céimithe DCU an rogha is ansa leo agus iad ar thóir lucht gaisce an lae amárach.

Institiúid mhór taighde is ea DCU, a bhfuil aitheantas aici ar fud an domhain ar shaothar a príomhthaighdeoirí agus a cuid meithleacha. Tá maoiniú caipitil substaintiúil bronnta ag an stát agus ag infheisteoirí príobháideacha ar cheithre cinn dá lárionaid agus institiúidí taighde. Tugann gach ceann de scoileanna acadúla DCU faoi thaighde ag an leibhéal is airde agus is nuálaí.

Tá an ollscoil seo meáite chomh maith ar fhorbairt níos mó a dhéanamh ar a gníomhaíochtaí tráchtála, le béim níos mó ar aistriú teicneolaíochta agus ar bhunú comhlachtaí campais, a bhaineann sochar as fionnachtana agus scileanna phobal an champais. Tá an tráchtálú seo bunaithe i gcomhthéacs clár gníomhach don fhorbairt shóisialta, ina bhfuil páirt ghníomhach ag DCU san athnuachan shóisalta agus i gcothú luachanna eiticiúla i sochaí an lae inniu.

Modúil*
Ceannaireacht
Bainistíocht Acmhainní Daonna
Bunachar Sonraí & Bainistiú Acmhainní Digiteacha
Bainistíocht Tionscadal
Airgeadas agus Scairbhileoga
Modhanna Taighde
Líonraí agus Forbairt Gnó
Bainistíocht Straitéiseach
Margaíocht
Ríomhthráchtáil agus Feidhmiúcháin Idirlín
Na hIlmheáin
Tráchtas

Breis Eolais:
Tá sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh le fáil anseo **www.dcu.ie/DC627**

Sonraí Teagmhála
Fón: +353 (0)1 700 5614
Rphost: fiontaragusscoilnagaeilge@dcu.ie

Táillí: www.dcu.ie/finance/fees/index.shtml

* Is féidir go ndéanfar athbhreithniú agus athrú ar ábhar an chláir.

MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais

Deiseanna Gairme Tá céimithe an MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais ag obair le Irish Mortgage Corporation, Google, Oracle, Make a Wish Foundation, Citi, RTÉ, Foras na Gaeilge, An Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta, Coláiste na bhFiann, Gael Linn, Gaelchultúr, Údarás Craolacháin na hÉireann agus i bpostanna bainistíochta i scoileanna.

"I ndiaidh dom bunchéim a bhaint amach i dteangacha, bhí sé mar sprioc agam obair san earnáil ghnó ach gan taithí ar bith agam ar a leithéid. Ba dheis iontach an MSc le tuiscint a fháil ar réimse leathan ábhar gnó agus ar theicneolaíocht an eolais. Anois tá mé ag obair i gcomhairleacht teicneolaíochta agus is cinnte gan an cháilíocht sin agus an taithí a fuair mé ar an chúrsa nach mbeadh an post seo faighte agam."
Doireann McCombe, MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais. Ag obair le Accenture.

Gairmeacha Féideartha

Airgeadas
Craoltóireacht
Fiontraíocht
Foilsitheoireacht
Forbairt na Gaeilge
Iriseoireacht
Margaíocht agus poiblíocht
Obair óige
Oideachas
Ríomhaireacht

MSc in Business and Information Technology
Irish Medium

PAC CODE DC627
ENTRY METHOD PAC (WWW.PAC.IE)
PROGRAMME DURATION 2 YEARS
NFQ (NATIONAL FRAMEWORK OF QUALIFICATIONS) LEVEL 9
PART–TIME

This postgraduate programme provides an opportunity for students to add to the broad educational and work expertise they already possess by gaining information technology and business skills equipping them for the workplace in either the public or private sector. These programmes are run subject to demand and are delivered through the medium of Irish.

Why Do This Programme?

On this programme, you will study business and technology – subjects that are essential in all careers. You will also learn about the relationship between the various business subjects and the importance of technology in the development of organisations. You will also learn the practical skills to solve business and technology problems and will have an opportunity to put research and expertise to work on interesting projects related to your background and areas of interest. You will be able to focus on a specific area of research for your thesis, drawing from your experience, your background, your undergraduate degree and the subjects covered on this programme.

Programme Structure and Content

The programme is taught on a part-time basis. (12 Saturdays per academic year) There are two main streams in the programme: business and information technology. A theoretical foundation complements practical experience in management, marketing, information technology, multimedia and communications skills that are necessary for business.

Programme Aims and Objectives

This programme provides graduates with training in essential business, management and information technology skills which will be invaluable to them in management and development posts in the private or public sector, including the education sector.

Why Choose DCU?

DCU is proud of the fact that, again and again, employers confirm their preference for its graduates when searching for future high achievers. DCU is a major research institution, which has gained worldwide recognition for the work of many of its key researchers and research teams. Four of its major research centres and institutes have been awarded very significant capital funding by the state and by private investors to enable them to provide leadership at a global level.

All of DCU's academic schools undertake research which is at the cutting edge of knowledge. DCU is also committed to further development of its commercial activities, with a growing emphasis on technology transfer and the establishment of campus companies which exploit commercially the discoveries and skills of the campus community. This commercialisation is set in the context also of an active programme of social development, in which DCU plays an active role in social regeneration and the search for ethical values for modern society.

* Programme content is subject to review and amendment.

Modules*

Ceannaireacht
Bainistíocht Acmhainní Daonna
Bunachar Sonraí & Bainistiú Acmhainní Digiteacha
Bainistíocht Tionscadal
Airgeadas agus Scairbhileoga
Modhanna Taighde
Líonraí agus Forbairt Gnó
Bainistíocht Straitéiseach
Margaíocht
Ríomhthráchtáil agus Feidhmiúcháin Idirlín
Na hIlmheáin
Tráchtas

Further Information

For specific details on how to apply including deadlines and entry requirements, visit **www.dcu.ie/DC627**

Contact Details:
Tel: +353 (0)1 700 5614
Email: fiontaragusscoilnagaeilge@dcu.ie

Fees: www.dcu.ie/finance/fees/index.shtml

MSc in Business and Information Technology Irish Medium

Career Prospects There is a high demand for graduates of this programme. Graduates of the MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais work with the Irish Mortgage Corporation, Google, Oracle, Make a Wish Foundation, Citi, RTÉ, Foras na Gaeilge, Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta, Coláiste na bhFiann, Gael Linn, Gaelchultúr, Údarás Craolacháin na hÉireann and managerial posts in schools.

"After I completed my undergraduate degree in languages, my goal was to work in the business sector but I hadn't the necessary experience. The MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais programme was a fantastic opportunity for me to gain a better understanding of a wide range of business and information technology subjects. I am now working in technology consultancy and without this qualification and the experience I gained by doing this course, I wouldn't have been offered a post like this." **Doireann McCombe MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais. Now working with Accenture.**

Potential Careers

Finance
Broadcasting
Entrepreneurship
Publishing
Development of Irish Journalism
Marketing and publicity
Youth Education
Computing

MA i Léann na Gaeilge

CÓD PAC DC686 (LÁNAIMSEARTHA) DC687 (PÁIRTAIMSEARTHA)
IONTRÁIL PAC (WWW.PAC.IE)
FAD 1 NÓ 2 BHLIAIN
NFQ (AN CREAT NÁISIÚNTA CÁILÍOCHTAÍ) LEIBHÉAL 9
LÁNAIMSEARTHA AGUS PÁIRTAIMSEARTHA

Soláthraítear deis do mhic léinn ar an MA i Léann na Gaeilge sainscileanna acadúla a ghnóthú trí iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar theanga, litríocht agus saoithiúlacht na Gaeilge. Tabharfar cuidiú duit do chumas taighde agus anailíse a fheabhsú trí réimse bunscileanna taighde a shealbhú agus trí dhul i ngleic le foinsí eolais de chineálacha éagsúla.

Ritear an clár ar bhonn éilimh agus déantar é a theagasc trí mheán na Gaeilge.

Cén fáth an clár seo?

Ar chlár an MA i Léann na Gaeilge, foghlaimeoidh tú réimse scileanna machnaimh agus anailíse a chuideoidh leat tabhairt faoin taighde neamhspleách. Beidh tú in ann díriú ar ábhar staidéir ar leith maidir le do thráchtas a tharraingeoidh ar do thaithí, do chúlra, do bhunchéim, agus ar mhodúil an chláir seo.

Struchtúr agus Ábhar an Chláir

Is féidir an chéim a bhaint amach trí chlár bliana lánaimseartha nó go páirtaimseartha trí chlár dhá bhliain.

Má roghnaíonn tú an clár bliana, déanfaidh tú trí mhodúl i Seimeastar 1 agus trí mhodúl eile i Seimeastar 2, agus freastalóidh tú ar léachtaí Dé Máirt agus Déardaoin, 4–7pm. Scrúdú scríofa nó aistí téarma a bhíonn i gceist leis an measúnú. Déanfaidh tú miontráchtas a scríobh faoi stiúir léachtóra.

Má roghnaíonn tú an clár dhá bhliain, déanfaidh tú trí mhodúl i Seimeastar 1 agus trí mhodúl eile i Seimeastar 2, agus freastalóidh tú ar léachtaí Dé Máirt agus Déardaoin, 4–7pm i rith Bhliain 1. Scrúdú scríofa nó aistí téarma a bhíonn i gceist leis an measúnú. I rith Bhliain 2 sa dá sheimeastar, freastalóidh tú ar sheimineár taighde in aghaidh na seachtaine a bhíonn ar siúl Dé Céadaoin 4–7pm, agus scríobhfaidh tú miontráchtas faoi stiúir léachtóra.

Aidhmeanna agus Spriocanna an Chláir

- Oiliúint a chur ar chéimithe i dtaca le sainscileanna scríbhneoireachta, taighde agus anailíse le gur féidir leo tabhairt faoi phoist in earnálacha éagsúla nó aghaidh a thabhairt ar staidéar breise i réimse a bhfuil suim ar leith acu ann.
- Scileanna inaistrithe na rannpháirtithe a chothú sna réimsí seo a leanas: smaointeoireacht neamhspleách, cumas anailíse, cumarsáid, eagrú agus bainistiú ama staidéir.
- Saineolas agus saintusicint a shealbhú ar shaibhreas theanga agus litríocht na Gaeilge

Cén fáth DCU?

Mór-institiúid taighde is ea DCU, a aithnítear ar fud an domhain as ardchaighdeán shaothar a príomhthaighdeoirí agus a cuid meithleacha taighde. Tugtar faoi thaighde ceannródaíoch i ngach ceann de scoileanna acadúla DCU, agus tá páirt ghníomhach á himirt ag DCU i sochaí an eolais agus i gcothú luachanna eiticiúla na sochaí sin.

* Is féidir go ndéanfar athbhreithniú agus athrú ar ábhar an chláir.

Modúil*
Scríobh na Gaeilge
Scéalta agus Seánraí
Clasaicí Pobail
An Ealaín Bhéil
An Dátheangachas agus Buanú na Gaeilge
Miontráchtas

Breis Eolais:
Chun teacht ar shonraí faoi chur isteach ar an gclár mar aon le riachtanais iontrála agus spriocdhátaí, teigh chuig **www.dcu.ie/DC686** **www.dcu.ie/DC687**

Cathaoirleach an Chláir: An Dr Uáitéar Mac Gearailt
Fón: +353 (0)1 700 6088
Rphost: uaitear.macgearailt@dcu.ie

Táillí: www.dcu.ie/finance/fees/index.shtml

MA i Léann na Gaeilge

Deiseanna Gairme Mar chéimí de chuid an MA i Léann na Gaeilge beidh réimse deiseanna gairme ar fáil duit ag gach leibhéal sa chóras oideachais, sna meáin chumarsáide (teilifís, raidió, na meáin chlóite agus dhigiteacha), in earnáil an aistriúcháin, sa tseirbhís phoiblí, sa pholaitíocht, sna healaíona, san iriseoireacht, sa turasóireacht oidhreachta, agus san Aontas Eorpach. Dearbhaíonn fostóirí, arís agus arís eile, gurb iad céimithe DCU an rogha is ansa leo agus iad ar thóir lucht gaisce an lae amárach.

Beidh lúcháir ar fhoireann Fiontar & Scoil na Gaeilge d'aidhmeanna acadúla a phlé leat, tabhairt faoi chéim dochtúireachta, mar shampla.

"Bhain mé idir thaitneamh agus tairbhe as an chúrsa seo. Sílim, má tá spéis agat i litríocht na Gaeilge, i saíocht na Gaeilge nó sa teanga féin, gach seans go n-oirfidh an cúrsa seo duit. Beidh léachtaí den scoth ar fáil agat in atmaisféar tacúil. Beidh deis agat staidéar a dhéanamh ar do réimse inspéise féin agus beidh tú ábalta díriú go speisialta ar ábhar do mhiontráchtais." **Seán Ward, Céimí de chuid an MA i Léann na Gaeilge.**



Gairmeacha Féideartha

Oideachasóir
Aistritheoir
Scríbhneoir
Iriseoir
Craoltóir
Eagarthóir Gaeilge
Foilsitheoir Gaeilge
Státseirbhíseach

MA in Irish
Irish Medium

The MA in Irish hones specific academic skills while engaging in a deep exploration of the Irish language, its literature and heritage. You'll be guided in a range of methods to help you improve your research and analytical capacity through the acquisition of basic research skills and your engagement with various types and sources of information.

The programme runs subject to demand and is delivered through the medium of Irish.

Why Do This Programme?

On the MA in Irish programme, you'll learn a range of reflective and analytical skills that will assist you in engaging in independent research projects. For your dissertation, you'll focus on a specific area of research that draws on your experience, your background, your undergraduate degree and the modules covered on the programme.

Programme Structure and Content

The degree may be completed as a one-year full-time programme or a two-year part-time programme.

If you opt for the one-year programme, you'll take three taught modules in Semester 1 and another three in Semester 2, and attend lectures Tuesdays and Thursdays, 4–7pm. Assessment is by means of written examinations or essays. You'll also write a minor thesis under the supervision of a lecturer.

If you decide on the two-year programme, in Year 1 you'll take three taught modules in Semester 1 and another three in Semester 2, and attend lectures Tuesdays and Thursdays, 4–7pm. Assessment is by means of written examinations or essays. In Year 2, in both Semesters 1 and 2, you'll attend a weekly research seminar Wednesdays, 4–7pm, and write a minor thesis under the supervision of a lecturer.

PAC CODES DC686 (FULL-TIME) DC687 (PART-TIME)
ENTRY METHOD PAC (WWW.PAC.IE)
PROGRAMME DURATION 1 OR 2 YEARS
NFQ (NATIONAL FRAMEWORK OF QUALIFICATIONS) LEVEL 9
FULL-TIME OR PART-TIME

Programme Aims and Objectives

- Provide graduates with training in essential writing, research and analytical skills that will assist them in competing for positions in a broad range of sectors and equip them to proceed to further study in an area of particular interest to them
- Cultivate participants' transferrable skills of independent thinking, analysis, communication, organization and time management
- Acquire specialist knowledge and understanding of the richness of the Irish language and its literature

Why Choose DCU?

DCU is a major research institution with worldwide recognition for the high calibre of work carried out by its key researchers and research teams. All of DCU's academic schools undertake cutting edge research, and DCU plays an active role in contributing to the information society and the promotion of ethical values in that society.

* Programme content is subject to review and amendment.

Modules*

Written Irish
Stories and Genres
Literary Classics
The Expressive Arts
Bilingualism and Irish
Minor Dissertation

Further Information

For specific details on how to apply, including deadlines and entry requirements, visit
www.dcu.ie/DC686
www.dcu.ie/DC687

Programme Chairperson: Dr. Uáitéar Mac Gearailt
Tel: +353 (0)1 700 6088
Email: uaitear.macgearailt@dcu.ie

Fees: www.dcu.ie/fees/index.shtml

MA in Irish
Irish Medium

Career Prospects As a graduate of the MA i Léann na Gaeilge you'll have a wide range of career options at all levels within the education system, the media (television, radio, the print and digital media), in the translation sector, the public service, politics, the arts, heritage tourism and the EU. Again and again, employers confirm their preference for DCU graduates when looking for future high achievers.

You'll also find that Fiontar & Scoil na Gaeilge staff will be keen to discuss your ongoing academic ambitions, such as pursuing your doctoral degree.

"I really enjoyed and benefited from this programme. I believe that if you are interested in the Irish language and its literature and heritage, then this programme is really for you. You will engage with first-class lectures in a really supportive atmosphere. You will also have the opportunity to pursue an area of particular interest to you through your studies and the dissertation."
Seán Ward, MA graduate.



Potential Careers

Educator
Translator
Writer
Journalist
Broadcaster
Editor (Irish language)
Publisher (Irish language)
Civil Servant

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020

Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN UNION

Investing in your future

European Social Fund

www.facebook.com/FiontarGaeilge
www.dcu.ie

NÍ BHEIDH OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH FREAGRACH AS EARRÁIDÍ NÁ EASNAIMH I GCÁS AN FHOILSEACHÁIN SEO AGUS NÍ BHEIDH SÍ FAOI CHEANGAL ACU; FORCHOIMEÁDANN AN OLLSCOIL AN CEART CLÁIR STAIDÉIR AGUS RIALACHÁIN ACADÚLA A ATHBHREITHNIÚ, A LEASÚ, A ATHRÚ NÓ A SCRIOS TRÁTH AR BITH TRÍ CIBÉ FÓGRA A CHINNFIDH AN CHOMHAIRLE ACADÚIL A THABHAIRT MAIDIR LE HAON ATHRÚ DEN SÓRT SIN.

DISCLAIMER THE INFORMATION GIVEN IN THIS PUBLICATION IS INTENDED AS A GUIDE TO PERSONS SEEKING ADMISSION TO DUBLIN CITY UNIVERSITY AND SHALL NOT BE DEEMED TO CONSTITUTE A CONTRACT OR THE TERMS THEREOF BETWEEN THE UNIVERSITY AND AN APPLICANT OR ANY THIRD PARTY, OR REPRESENTATIONS CONCERNING SAME. DUBLIN CITY UNIVERSITY IS NOT RESPONSIBLE AND SHALL NOT BE BOUND BY ERRORS IN OR OMISSIONS FROM THIS PUBLICATION; THE UNIVERSITY RESERVES THE RIGHT TO REVISE, AMEND, ALTER OR DELETE PROGRAMMES OF STUDY AND ACADEMIC REGULATIONS AT ANY TIME BY GIVING SUCH NOTICE AS MAY BE DETERMINED BY ACADEMIC COUNCIL IN RELATION TO ANY SUCH CHANGE.